BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

13 Bealtaine 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Séú Treoir 77/388/CEE – Airteagal 2(1) – Dliteanas i leith CBL – Soláthar seirbhísí ar comaoin – Critéir – Caidrimh inghrúpa – Coigeartuithe ar phraghsanna aistrithe mótarfheithiclí idir táirgeoirí agus dáileoirí – Costais deisiúcháin na bhfeithiclí sin arna dtabhú ag na déileálaithe tar éis an díolacháin a chur san áireamh – Nasc díreach a bheith ann idir soláthar seirbhísí agus an chomaoin iarbhír a fuarthas – Caidreamh dlíthiúil a bheith ann ina malartaítear seirbhísí cómhalartacha)

I gCás C-603/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Supremo Tribunal Administrativo (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Phortaingéil), trí bhreith an 3 Iúil 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 16 Meán Fómhair 2024, sna himeachtaí

Stellantis Portugal, S.A.

v

Autoridade Tributária e Aduaneira,

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. Condinanzi, Uachtarán Dlísheomra, R. Frendo agus A. Kornezov (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Stellantis Portugal, S.A., ag P. Braz, advogado,

– Rialtas na Portaingéile, ag P. Barros da Costa, C. Bento, R. Campos Laires agus A. Rodrigues, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Phortaingéilis.

– an Coimisiún Eorpach, M. Afonso agus P. Carlin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 15 Eanáir 2026,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 2 den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnachta (IO 1977 L 45, lch. 1) ('an Séú Treoir CBL')

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Stellantis Portugal S.A., mar chomharba dlíthiúil Opel Portugal, Lda. (General Motors Portugal ('GMP') roimhe seo), agus an Autoridade Tributária e Aduaneira (an tÚdarás Cánach agus Custaim, an Phortaingéil) maidir le dliteanas cánach breisluacha (CBL) soláthairtí seirbhísí deisithe gluaisteán a chuir GMP ar fáil do chuideachtaí eile sa ghrúpa General Motors (Stáit Aontaithe Mheiriceá), a oibríonn san earnáil mótarfheithiclí.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Rinneadh an Séú Treoir CBL a aisghairm agus a ionadú, le héifeacht ón 1 Eanáir 2007, le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1). Mar sin féin, i bhfianaise dháta na bhfíoras atá i gceist sna príomhimeachtaí, tá an Séú Treoir CBL infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí.

4 Foráiltear le hAirteagal 2 den Séú Treoir CBL:

'Beidh an méid seo a leanas faoi réir cáin bhreisluacha:

1. soláthar earraí nó seirbhísí a dhéantar ar comaoin laistigh de chríoch na tíre ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin;

2. allmhairiú earraí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráladh don mhéid seo a leanas in Airteagal 6 den Treoir sin:

'1. Measfar gur "soláthar seirbhísí" é aon idirbheart nach soláthar earraí é de réir bhrí Airteagal 5.

[...]

4. I gcás ina nglacann duine inchánach atá ag gníomhú ina ainm féin ach thar ceann duine eile páirt i soláthar seirbhísí, measfar go bhfuair sé féin na seirbhísí sin agus gur sholáthair sé iad.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in Airteagal 11 den Treoir sin:

'A. Laistigh den tír

1. Bunaítear an bonn cánach:

(a) maidir le soláthairtí earraí agus seirbhísí seachas iad siúd dá dtagraítear in (b), (c) agus (d) thíos, áireofar leis an méid inchánach gach aon ní a bhfuil i gceist leo comaoin a gheobhaidh an soláthraí nó atá le fáil aige, i gcomaoin soláthair, ón gcustaiméir nó ó thríú páirtí, lena n-áirítear fóirdheontais atá nasctha go díreach le praghas an tsoláthair;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Portaingéile

7 Foráiltear le hAirteagal 1(1)(a) den Código do Imposto sobre o Valor Acrescentado (Cód Cánach Breisluacha), arna fhormheas ag Decreto-Lei n.º 394-B/84 (Dlí Foraithne Uimh. 394-B/84) an 26 Nollaig 1984 (*Diário da República*, I série-A, Uimh. 297, an 26 Nollaig 1984), sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí, go bhfuil soláthar seirbhísí ar comaoin laistigh den chríoch náisiúnta ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin faoi réir CBL.

8 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 4 den Chód Cánach Breisluacha:

'1. Measfar gur soláthairtí seirbhísí iad idirbhearta a dhéantar ar comaoin nach aistrithe, éadálacha idirphobail ná allmhairí earraí iad.

[...]

4. I gcás ina soláthraíonn gníomhaire atá ag gníomhú ina ainm féin na seirbhísí, is é an gníomhaire sin a fhaigheann an tseirbhís ar dtús agus a sholáthraíonn an tseirbhís ansin é.

[...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

9 Bhí GMP mar chuid de ghrúpa General Motors.

10 Bhí an grúpa sin comhdhéanta, *inter alia*, de chuideachtaí, arna n-ainmniú ag an gcúirt a rinne an tarchur 'monaróirí buntrealaimh' ('OEManna'), a mhonaraigh mótarfheithiclí agus páirteanna agus gabhálais agus/nó a sholáthair iad do chuideachtaí eile a bhaineann leis an ngrúpa agus cuideachtaí sin, dá dtagraíonn an chúirt sin mar 'chuideachtaí díolacháin náisiúnta/eagraíochtaí díolacháin náisiúnta' ('NSCanna/NSOnna'), a dháil na táirgí a soláthraíodh ar mhargadh geografach sainithe.

11 Chomhlíon GMP dualgais NSC/NSO sa Phortaingéil. I ndáil leis sin, cheannaigh sé, *inter alia*, mótarfheithiclí ó OEManna atá bunaithe san Aontas Eorpach ('na OEManna lena mbaineann') agus dhíol sé na feithiclí sin le déileálaithe neamhspleácha atá ag feidhmiú sa Phortaingéil, a dhíol iad, dá réir sin, leis na custaiméirí deiridh.

12 I gcás ina raibh tionchar ag easnaimh a d'eascair as an bpróiseas táirgthe (*Recall Campaigns*) nó as aimhrialtachtaí a chumhdaítear leis na ráthaíochtaí arna dtairiscint ag an monaróir (*Policy and Warranty*) ar na feithiclí sin nó ina raibh siad le bheith faoi réir nósanna imeachta cúnaimh cois bóthair (*Road Side Assistance*), chuir na custaiméirí sin faoi bhráid na ndéileálaithe iad lena ndeisiú ina n-áitreabh. Chuir na déileálaithe sin sonrasc chuig GMP ansin le haghaidh chostais na ndeisiúchán sin, agus an CBL comhfhreagrach á chur i bhfeidhm acu orthu.

13 Chuir GMP na OEManna lena mbaineann ar an eolas faoi na costais a thabhaigh sé agus mótarfheithiclí agus páirteanna agus gabhálais arna soláthar ag na OEManna sin á ndáileadh, lena n-áirítear costais na ndeisiúchán sin sa bhreis ar chostais oibriúcháin GMP, amhail costais phearsanra, leictreachais agus mhargaíochta.

14 Is léir ón ordú tarchuir, faoi chomhaontú a tugadh i gcrích in 2004 idir cuideachtaí de ghrúpa General Motors maidir le praghsanna aistrithe feithiclí laistigh den ghrúpa sin a shocrú ('comhaontú 2004'), go bhféadfaí praghsanna feithiclí, páirteanna agus gabhálas arna ndíol ag OEManna le NSCanna/NSOnna a choigeartú chun a áirithiú go raibh corrlach brabúis a cinneadh roimh ré ag NSCanna/NSOnna. Go háirithe, i gcomhréir le Clásal 1.0 den chomhaontú sin, cinneadh praghsanna aistrithe na dtáirgí sin trí asbhaint a dhéanamh ó na praghsanna díola ar a dtugtar 'seachtrach', eadhon praghsanna díola na bhfeithiclí sin le tríú páirtithe amhail déileálaithe, an méid a chomhfhreagraíonn do na costais ghaolmhara dáileacháin agus corrlach brabúis a chinn NSC/NSO lena mbaineann roimhe sin. Cinneadh praghsanna tosaigh an aistrithe le haghaidh gach tréimhse thagartha agus lascaine corrlaigh chomhláin á cur i bhfeidhm maidir leis na praghsanna díola seachtracha a bhfuil coinne leo. Ag deireadh gach tréimhse tagartha, rinneadh coigeartú praghsála aistrithe chun corrlach brabúis iarbhír an NSC/NSO sin a mhéadú nó a laghdú ionas go mbeidh sé i gcomhthráth leis an gcorrlach brabúis a cinneadh roimhe sin. Faoi Chlásal 4.0 den chomhaontú sin, rinneadh na praghsanna aistrithe tosaigh a choigeartú ag deireadh gach tréimhse tagartha chun a áirithiú go raibh torthaí airgeadais iarbhír NSCanna/NSOnna comhsheasmhach leis an gcorrlach brabúis a cinneadh roimh ré. Rinneadh an coigeartú sin sa tréimhse thagartha lena mbaineann agus b'éigean an méadú nó an laghdú comhfhreagrach ar phraghsanna aistrithe le léiriú i dtaifid chuntasaíochta OEManna. Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur léiríodh an coigeartú sin le nóta creidmheasa nó dochair a sheol OEManna chuig GMP.

15 Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar staid GMP maidir leis an mbliain airgeadais 2006, dhréachtaigh an t-údarás cánach agus custaim, an 10 Nollaig 2009, tuarascáil inar chinn sé gurbh iad na OEManna lena mbaineann atá freagrach as leigheas na n-easnamh a d'eascair as an bpróiseas táirgthe mótarfheithiclí agus as na haimhrialtachtaí a chumhdaítear leis na barántaí a thairgeann an monaróir agus as deisiú na bhfeithiclí sin i gcomhthéacs na nósanna imeachta a bhaineann le cúnamh bóthair. Chinn an t-údarás sin freisin gurbh é GMP a d'íoc costais na ndeisiúchán mar gheall ar na heasnaimh agus na haimhrialtachtaí sin ar dtús, a chuir ar aghaidh ansin iad chuig na OEManna sin trí choigeartuithe ar phraghsanna aistrithe na bhfeithiclí sin. Ar an mbonn sin, mheas an t-údarás sin gur sholáthair GMP, ar an gcríoch náisiúnta, seirbhísí deisiúcháin do mhótarfheithiclí do OEManna lena mbaineann agus gur cheart na seirbhísí sin a bheith faoi réir

CBL. Chinn sí, dá bhrí sin, gur cheart don chuideachta sin, mar dhuine inchánach i leith na cánach sin, suim EUR 1 504 215.49 a íoc, a chomhfhreagraíonn don mhéid CBL dlite as soláthar na seirbhísí sin agus don ús cúiteach.

16 Thug GMP caingean os comhair Tribunal Administrativo e Fiscal de Sintra (an Chúirt Riaracháin agus Chánach, Sintra, an Phortaingéil) i gcoinne chinneadh an údaráis cánach agus custaim lena gceanglaítear go n-íocfaí an tsuim dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, ag maíomh nárbh ionann na coigeartuithe ar phraghsanna aistrithe na bhfeithiclí, na bpáirteanna agus na ngabhálas arna soláthar ag OEManna lena mbaineann do GMP agus luach saothair as seirbhísí arb é atá iontu deisiú na bhfeithiclí sin.

17 Tar éis don chúirt sin seasamh leis an gcaingean sin, thug an t-údarás cánach agus custaim achomharc os comhair Tribunal Central Administrativo Sul (an Chúirt Riaracháin Lárnach Theas, an Phortaingéil), a sheas leis an achomharc sin.

18 Rinne GMP achomharc eisceachtúil ar phointe dlí i gcoinne bhreithiúnas na cúirte sin os comhair an Supremo Tribunal Administrativo (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Phortaingéil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

19 Idir an dá linn, rinneadh Opel Portugal de GMP, a shlog Stellantis Portugal ina dhiaidh sin.

20 Sna himthosca sin, chinn an Supremo Tribunal Administrativo (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An bhfuil Airteagal 2 den [Séú Treoir CBL], sa leagan a bhí i bhfeidhm tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, le léiriú sa chaoi go gcumhdaítear le coincheap an tsoláthair seirbhísí ar chomaoin dá dtagraítear san fhoráil sin coigeartú ar phraghas díola feithiclí, arna bhunú agus arna chinneadh go cuí i gconradh arna thabhairt i gcrích idir na páirtithe chun íoschorrlach brabúis a bhaint amach, agus atá taifeadta trí nóta sochair nó dochair a eisiúint don iarratasóir/achomharcóir ó dhéantóirí Eorpacha an ghrúpa General Motors?’

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

21 Ceistíonn an Coimisiún Eorpach inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú, ós rud é nár chuir an chúirt a rinne an tarchur an fhaisnéis uile ar fáil lena gcuirfí ar a cumas a chinneadh an raibh na méideanna a chuir na OEManna lena mbaineann do shochar nó do dhochar GMP ag freagairt do chostais deisiúcháin mótarfheithiclí nó ar cuireadh paraiméadair eile san áireamh chun corrlach brabúis a cinneadh roimh ré a ráthú do GMP.

22 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, ós rud é go bhfuil an t-ordú tarchuir mar bhonn don nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, go gceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta, san ordú tarchuir sin, a sainmhíniú ar chomhthéacs fíorasach na díospóide sna príomhimeachtaí a fhorbairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2024, *Omnitel Comunicaciones agus páirtithe eile*, C-441/23, EU:C:2024:916, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Ní hamháin go gcuireann an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san ordú tarchuir ar chumas na Cúirte Breithiúnais freagraí úsáideacha a thabhairt ar na ceisteanna arna dtarchur ag an gcúirt náisiúnta, ach áirithítear léi freisin gur féidir le rialtais na mBallstát agus le páirtithe leasmhara eile barúlacha

a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá sé d'oibleagáid ar an gCúirt Bhreithiúnais a áirithiú go gcosnófar an deis sin, ós rud é, faoin bhforáil sin, nach dtugtar ach na horduithe tarchuir do na páirtithe leasmhara (breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair, *Omnitel Comunicaciones agus páirtithe eile*, C-441/23, EU:C:2024:916, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Leagtar amach na ceanglais charnacha a bhaineann le hábhar ordaithe tarchuir go sainráite in Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus meabhraítear iad, go háirithe, i mír 15 de na Moltaí do chúirteanna náisiúnta maidir le tionscnamh an nós imeachta um réamhrialú (IO 2019 C 380, lch. 1). Leagtar amach iad anois i mír 15 de Mholtaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh do chúirteanna agus binsí náisiúnta maidir le himeachtaí réamhrialaithe a thionscnamh (IO C, C/2024/6008).

25 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil gnéithe fíorasacha na díospóide sna príomhimeachtaí leagtha amach ag an gcúirt a rinne an tarchur, cé gur i bhfoirm achomair atá siad, ar bhealach a fhágann gur féidir ábhar na díospóide sin a thuiscint. Go háirithe, leanann sé ón ordú tarchuir go ndearna na OEManna lena mbaineann na coigeartuithe ar phraghsanna aistrithe na mótarfheithiclí atá i gceist ar bhonn chostais dáileacháin uile na bhfeithiclí sin arna dtabhú ag GMP, lena n-áirítear na costais a bhaineann le deisiúcháin na bhfeithiclí sin agus costais oibriúcháin GMP.

26 Dá bhrí sin, is iomchuí a mheas go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

An cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

27 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 2(1) den Séú Treoir CBL a léiriú sa chaoi go gciallaíonn coigeartú praghais aistrithe do mhótarfheithiclí:

– arna bhunú go cuí i gcomhaontú arna tabhairt i gcrích idir na cuideachtaí ar leis an ngrúpa céanna iad agus chun a áirithiú go bhfaighidh an chuideachta atá ag fáil na feithiclí sin corrlach brabúis a cinneadh roimh ré ar athdhíol na bhfeithiclí sin;

– arna fhianú le nóta sochair nó dochair a chuir an chuideachta díolacháin chuig an gcuideachta fála, agus

– arna ríomh, *inter alia*, ar bhonn na gcostas arna dtabhú ag an gcuideachta dheireanach sin i gcomhthéacs dheisiú na bhfeithiclí sin ag tríú páirtithe.

28 Mar réamhphointe, ní mór a mheabhrú, faoi Airteagal 2(1) den Séú Treoir, go gcuirfear soláthar earraí nó seirbhísí arna dhéanamh ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach atá ag gníomhú sa cháil sin faoi réir CBL.

29 Faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den Séú Treoir CBL, measfar gur soláthar seirbhísí é 'aon idirbheart nach soláthar earraí é'.

30 De réir chásdlí socair, ní dhéantar soláthar seirbhísí 'ar comaoin' de réir bhrí Airteagal 2(1) den Séú Treoir CBL agus, dá bhrí sin, níl sé faoi réir CBL ach amháin má tá nasc díreach idir an soláthar seirbhísí sin, ar thaobh amháin, agus comaoin a fuair an duine inchánach iarbhír, ar an taobh eile. Bunaítear nasc díreach den sórt sin i gcás ina bhfuil caidreamh dlíthiúil idir soláthraí

na seirbhíse agus an faighteoir ar dá bhun a dhéantar comhlíonadh cómhalartach, an luach saothair a fhaigheann soláthraí na n-idirbheart sin arb ionann é agus an luach iarbhír a thugtar mar mhalairt ar sheirbhís inaitheanta a sholáthraítear don fhaighteoir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2020, *Mitteldeutsche Hartstein-Industrie* (C-528/19, EU:C:2020:712), mír 43, agus, de réir analaí, breithiúnais an 4 Iúil 2024, *Latvijas Informācijas un komunikācijas tehnoloģijas asociācija*, C-87/23, EU:C:2024:570, mír 26, agus an 4 Meán Fómhair 2025, *Arcomet Towercranes*, C-726/23, EU:C:2025:646, mír 33).

31 Sa chás seo, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil gur dhíol na OEManna lena mbaineann le GMP, *inter alia*, mótarfheithiclí a d'athdhíol GMP ansin le déileálaithe neamhspleácha bunaithe sa Phortaingéil, a bhí freagrach, dá réir sin, as na feithiclí sin a dhíol le custaiméirí deiridh.

32 I gcás easnaimh a eascraíonn as próiseas táirgthe na bhfeithiclí sin, aimhrialtachtaí a chumhdaítear leis na ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an monaróir nó faoi na nósanna imeachta a bhaineann le cúnamh bóthair, rinne na déileálaithe sin deisiúcháin ar na feithiclí sin agus ghearr siad praghas na ndeisiúchán sin ar GMP, a chuir na OEManna sin ar an eolas ansin faoi na costais a thabhaigh sé ina leith sin, chomh maith le costais eile, amhail a chostais oibriúcháin, lena n-áirítear, *inter alia*, costais phearsanra, leictreachais agus mhargaíochta.

33 Thairis sin, faoi chomhaontú 2004, bhí GMP lena áirithiú go bhfuair sé corrlach brabúis arna chinneadh roimh ré maidir le hathdhíol mótarfheithiclí. Chuige sin, rinne na OEManna lena mbaineann coigeartuithe ar phraghsanna aistrithe na bhfeithiclí atá i gceist, arna ríomh ar bhonn na gcostas uile dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, agus bhunaigh siad, chun an corrlach sin a chomhlíonadh, de réir mar a bheidh, nóta sochair nó nóta dochair atá dírithe ar GMP.

34 Sna himthosca sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá a mheas gur chuir GMP seirbhísí deisiúcháin ar fáil do OEManna lena mbaineann do na feithiclí sin, ar luach saothair iad na suimeanna uile nó cuid de na suimeanna a eascraíonn as na coigeartuithe sin.

35 Is faoin gcúirt sin, a bhfuil dlínse aici amháin measúnú a dhéanamh ar na fíorais, atá sé cineál na n-idirbheart atá i gceist sna príomhimeachtaí a chinneadh. É sin ráite, is faoin gCúirt atá sé treoir a thabhairt don chúirt sin maidir le léiriú dhlí an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh agus breithniú á dhéanamh ar an gcás atá os a comhair (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Iúil 2024, *Latvijas Informācijas un komunikācijas tehnoloģijas asociācija*, C-87/23, EU:C:2024:570, míreanna 24 agus 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an t-aon chaidreamh dlíthiúil idir GMP agus na OEManna lena mbaineann dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur ná an caidreamh a eascraíonn as Comhaontú 2004.

37 Is léir ón bhfaisnéis atá ar fáil don Chúirt gurbh é cuspóir an chomhaontaithe sin praghsanna aistrithe na bhfeithiclí arna ndíol ag na OEManna sin le GMP a shocrú agus go raibh coigeartuithe na bpraghsanna sin, dá bhforáiltear sa chomhaontú sin, beartaithe chun a áirithiú go bhfuair GMP corrlach brabúis a cinneadh roimh ré.

38 Ní léiríonn aon cheann de chlásail chomhaontú 2004 a luaitear san ordú tarchuir go raibh caidreamh dlíthiúil idir GMP agus na OEManna lena mbaineann, ar dá réir a bhí GMP faoi oibleagáid na feithiclí a cheannaigh sé ó na OEManna sin a dheisiú ar luach saothair.

39 Thairis sin, ní chuirtear aon fhianaise eile ar fáil leis an gcinneadh sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, fíorais neamhscríofa, lena bhféadfaí a nochtadh gurb ann do chaidreamh dlíthiúil den sórt sin.

40 Dá bhrí sin, ní thacaíonn an fhaisnéis sa chomhad os comhair na Cúirte leis an gconclúid go bhfuil caidreamh dlíthiúil, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 30 den bhreithiúnas seo, idir GMP agus na OEManna lena mbaineann, a eascraíonn as Comhaontú 2004 nó as aon ghné eile a eascraíonn as an gcomhad sin, ar mhalartaigh na cuideachtaí sin oibleagáidí cómhalartacha ina leith, arb é ceann acu soláthar seirbhísí deisiúcháin mótarfheithiclí ag GMP do na OEManna sin agus an ceann eile mar luach saothair as na seirbhísí sin.

41 I gcás ina gcinneann an chúirt a rinne an tarchur, ar bhonn fianaise nár cuireadh faoi bhráid na Cúirte, arna scrúdú, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le Comhaontú 2004, go bhfuil caidreamh dlíthiúil den sórt sin idir GMP agus na OEManna sin, is faoin gcúirt sin a bheidh sé fós a chinneadh an ionann na coigeartuithe atá i gceist sna príomhimeachtaí agus an chomaoin iarbhír ar sheirbhísí inaitheanta, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 30 den bhreithiúnas seo, is é sin le rá, an ionann na coigeartuithe sin agus luach saothair GMP as soláthar seirbhísí deisiúcháin do na feithiclí atá i gceist.

42 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhféadfadh éiginnteacht sholáthar aon íocaíochta an nasc díreach idir an tseirbhís a sholáthraítear don fhaighteoir agus aon íocaíocht a d'fhéadfaí a fháil a bhriseadh (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *Arcomet Towercranes*, C-726/23, EU:C:2025:646, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, chun nasc den sórt sin a bhunú, níor cheart an luach saothair sin a bheith in aisce, randamach ná deacair a chainníochtú (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *Arcomet Towercranes*, C-726/23, EU:C:2025:646, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir gur ríomhadh na coigeartuithe atá i gceist sna príomhimeachtaí ní hamháin trí na costais a bhaineann leis na deisiúcháin a rinne na déileálaithe neamhspleácha agus arna chuir na déileálaithe neamhspleácha an sonrasc chuig GMP a chur san áireamh, ach freisin costais oibriúcháin GMP. Dá bhrí sin, is cosúil nach bhfuil sna costais a bhaineann le deisiú na bhfeithiclí atá i gceist ach ceann amháin de na paraiméadair a cuireadh san áireamh chun na coigeartuithe sin a ríomh. Dá bhrí sin, ag brath ar thábhacht na gcostas sin go léir i ndáil leis na praghsanna aistrithe tosaigh, d'fhéadfadh na coigeartuithe céanna a bheith ina gcúis ní hamháin le nótaí creidmheasa ach le nótaí dochair freisin, arna seoladh ag OEManna chuig GMP.

44 Ina theannta sin, níor cuireadh na costais éagsúla arna dtabhú ag GMP i ndáil le dáileadh na bhfeithiclí sin san áireamh ach amháin chun a áirithiú go bhfuarthas an corrlach brabúis a cinneadh roimh ré, agus mar thoradh air sin, a luaithe a fuarthas an corrlach brabúis sin, ní cosúil gur áirithíodh GMP go n-aisíocfadh na OEManna lena mbaineann é as na costais sin go léir, agus go háirithe na costais sin a thabhaigh sé chun na feithiclí sin a dheisiú.

45 I bhfianaise na mbreithnithe sin, is cosúil, faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur i gcomhréir le mír 41 den bhreithiúnas seo, go bhfuil an nasc a d'fhéadfadh a bheith ann idir aon seirbhís deisiúcháin do na feithiclí atá i gceist arna soláthar ag GMP do na OEManna lena mbaineann agus na coigeartuithe ar phraghsanna aistrithe na bhfeithiclí sin, ar a mhéad, indíreach.

46 Sa dara háit, maidir le hargóint Rialtas na Portaingéile, trí na costais a bhaineann le deisiú na bhfeithiclí sin a íoc, gur ghníomhaigh GMP thar ceann na OEManna lena mbaineann agus go raibh baint aige le soláthar seirbhísí ag na déileálaithe do na OEManna sin, agus mar thoradh air sin gur cheart leithdháileadh na gcostas sin ar na OEManna sin a aicmiú mar theagmhas inmhuirearaithe d'idirbheart inchánach atá faoi réir CBL, de bhun Airteagal 6(4) den Séú Treoir CBL, is leor a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon fhianaise sna doiciméid atá os comhair na Cúirte a thugann le fios gur ghlac GMP páirt i soláthar seirbhísí den sórt sin agus gur ghníomhaigh sé thar ceann duine eile.

47 Sa tríú háit agus ar deireadh, dá measfadh an chúirt a rinne an tarchur nach ionann na coigeartuithe atá i gceist sna príomhimeachtaí agus luach saothair as soláthar seirbhísí deisithe feithiclí arna soláthar ag GMP do na OEManna lena mbaineann, ach modhnú *a posteriori* ar an bpraghas a d'íoc GMP agus na feithiclí sin á gceannach aige ó na OEManna sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i míreanna 56 go 62 dá Tuairim, gur faoi na húdaráis náisiúnta inniúla a bheidh sé, i gcás inarb iomchuí, measúnú a dhéanamh ar éifeacht athraithe den sórt sin ar chinneadh mhéid inchánach an idirbhirt arb é atá ann soláthar na bhfeithiclí sin ag na OEManna sin do GMP, go háirithe, i bhfianaise Airteagal 11 den Séú Treoir CBL.

48 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear nach mór Airteagal 2(1) den Séú Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi go gciallaíonn coigeartú ar phraghas aistrithe mótarfheithiclí:

– arna bhunú go cuí i gcomhaontú arna tabhairt i gcrích idir na cuideachtaí ar leis an ngrúpa céanna iad agus chun a áirithiú go bhfaighidh an chuideachta atá ag fáil na feithiclí sin corrlach brabúis a cinneadh roimh ré ar athdhíol na bhfeithiclí sin;

– arna fhianú le nóta sochair nó dochair a chuir an chuideachta díolacháin chuig an gcuideachta fála, agus

– arna ríomh, *inter alia*, ar bhonn na gcostas arna dtabhú ag an gcuideachta dheireanach sin i gcomhthéacs dheisiú na bhfeithiclí sin ag tríú páirtithe.

ní comaoin é ar 'sholáthar seirbhísí a dhéantar ar comaoin', de réir bhrí na forála sin, mura bhfuil caidreamh dlíthiúil idir na cuideachtaí sin a bhfuil gealltanais chómhalartacha a bhaineann leis an gcuideachta éadála seirbhísí a sholáthar don chuideachta díolacháin agus leis an gcuideachta díola luach saothair a íoc as na seirbhísí sin i bhfoirm coigeartú den sórt sin ann, lena mbunaítear nasc díreach idir soláthar na seirbhísí sin agus an coigeartú sin.

Costais

49 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 2(1) den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha ar láimhdeachas – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

coigeartú ar phraghas aistrithe mótarfheithiclí:

– **arna bhunú go cuí i gcomhaontú arna tabhairt i gcrích idir na cuideachtaí ar leis an ngrúpa céanna iad agus chun a áirithiú go bhfaighidh an chuideachta atá ag fáil na feithiclí sin corrlach brabúis a cinneadh roimh ré ar athdhíol na bhfeithiclí sin;**

– **arna fhianú le nóta sochair nó dochair a chuir an chuideachta díolacháin chuig an gcuideachta fála, agus**

– **arna ríomh, *inter alia*, ar bhonn na gcostas arna dtabhú ag an gcuideachta dheireanach sin i gcomhthéacs dheisiú na bhfeithiclí sin ag tríú páirtithe.**

ní comaoin é ar 'sholáthar seirbhísí a dhéantar ar comaoin', de réir bhrí na forála sin, mura bhfuil caidreamh dlíthiúil idir na cuideachtaí sin a bhfuil gealltanais chómhalartacha a bhaineann leis an gcuideachta éadála seirbhísí a sholáthar don chuideachta díolacháin agus leis an gcuideachta díola luach saothair a íoc as na seirbhísí sin i bhfoirm coigeartú den sórt sin ann, lena mbunaítear nasc díreach idir soláthar na seirbhísí sin agus an coigeartú sin.

[Sínithe]